

Tractor nuts' cheque presentation night

BORRIS & District Tractor Nuts are holding their cheque presentation night in Bob's Bar on Saturday 5 November. Cheques will be presented to the Irish Cancer Society and the Irish Kidney Association. All are welcome.

BALLYMURPHY HALL

Split The Pot Winners on 10 October were: 1, Marie Moloney, €231; 2, Aoibhe and Ella; 3, Pat Hickey, €20. Thank you for your continued support. Tickets are on sale in Ballymurphy Stores, Coleman's Pub, Ballymurphy Post Office, The Hilltop Bar, Charlie Nolan's butcher shop, or from any committee member. The draw takes place every Monday night in The Hilltop Bar. A committee has now been formed to cater for funerals in the locality in our newly refurbished Hall. Please contact Mattie Murphy on 087 6434139 or Margaret

Borris

CONTACT: BRIDGET DALTON AT THE CRISP CENTRE
TEL: 059 9771899

Culleton on 087 9354662 or any committee member for details.

MISSING CHAIRS

Twenty chairs are missing from the hall. We realise they were borrowed but would be grateful if they were returned as they are needed for upcoming events. Please contact any committee member.

FASHION SHOW

Our annual fashion show will take place on Wednesday 2 November in The Step House Hotel, Borris at 8.30pm. Fashions on the night are from Glad Rags, Serena, Erre Esse, Elanna's, Tempted, Jesole, The Edinburgh Woollen Mills and Lola Rose. Compère on the night will be Faith Amond. We are

looking forward to a great night of fashion and fun. Admission is €10 with raffle and door prizes.

BEREAVEMENT

A well known personality in the Borris area died in St James's Hospital, Dublin on 15 September 2011. Tommy Lawlor from Ballyglisheen passed away while awaiting a procedure at the hospital. He reposed at his sister Liza Black's residence in Fenagh. His remains were removed to the Sacred Heart Church, Borris for requiem Mass on Sunday 18 followed by burial in the Sacred Heart Cemetery, Borris. He is mourned by his sisters Joan, Bernadette, Liza, Kitty and his brother Billy. Ar dheis Dé go raibh a anam dilis.

Aughrim

CONTACT: NED MURPHY
PHONE/FAX: 0402 36433



THE people of Aughrim were shocked recently at the sudden unexpected death of Lorraine Murphy (née Byrne), 23 Croghan View, Aughrim. Wife of John, mother of Eric and Richard, her quick departure shocked her neighbours, family and friends. She was just 45 years of age. Lorraine was well loved by everyone. She was employed in Byrne's Post Office shop. Her remains were interred in Annacurra Cemetery, where a large crowd was present. Lorraine is survived by her husband John, sons Eric and Richard, parents Kevin and Joan Byrne, extended family, friends and relations.

THE LATE LAR KELLY

The death of Larry (Lar) Kenny, Coolballin, Taggart, Tinahely, caused widespread regret in

the local area. Aged 96, his wife Jane predeceased him by many years. Lar was full of life, had many friends and was a great supporter of the Ballmanus Gaelic football team. Lar was a great father to his children, a character and had a great knowledge of history. His remains were interred in Askinagap Cemetery in the presence of a large crowd. Sympathy is expressed to his sons, daughters-in-law, grandchildren, relatives and a wide circle of friends.

GET WELL

Get well wishes are expressed to Ann Doyle, Coolahullen, Aughrim, who sustained a leg injury while on holiday abroad with her husband Gerry. At the time of writing, Ann was a patient in St Vincent's Hospital, Dublin.

Glór Cheatharlach

Ceolchoirm na Féile

BHÍ an-áthas ar Glór Cheatharlach seic do thrí mhíle euro a bhronnadh ar Lousie Forrester ón eagraíocht Trócaire an tseachtain seo caite. Bailíodh an t-airgead de bharr ceolchoirm speisialta ar mhaithe leis an ngorta sa tSomáil a cuireadh ar siúl ins an Amharclann George Bernard Shaw mar chuid d'Fhéile an Fhómair na bliana seo.

Tháinig na sluaite chuig an ceolchoirm chun taitneamh a bhaint as ceol, amhránaíocht agus rince de gach saghas agus chun tacaíocht a thabhairt do mhuintir na Somáile san Afraic, áit a bhfuil géarchéim mhór i láthair na huair de bharr gorta, teipeanna barraí, triomacht agus scaipeadh galair maláire, calar, tíofóideach agus bruitíneach. Bhí Louise Forrester i láthair ar an

oíche chun glacadh leis an seic thar cheann Trócaire agus gheall sí go rachadh gach euro den airgead díreach go dtí an réigiún tragóideach.

D'oscail cór Choláiste Naomh Leoin an seó agus ansin thóg an grúpa Rí Rá an stáitse chun ceol bríomhar traidisiúnta a sheinn. Bhí amhránaíocht álainn sa sean-nós ón amhránaí Neil Ní Chróinín agus lean an ceol traidisiúnta ar aghaidh le seit iontach ón ngrúpa Plámás agus ina dhiaidh sin le ceoltóirí seisiúin Teach Dolmain.

Bhí an-éagsúlacht rince ar an oíche agus chuaigh rinceoirí na sinsearach go háirithe i bhfeidhm go mór ar an lucht féachana le cur i láthair speisialta den damhsa Tonnta Tóraí.

Bhí taispeántas bríomhar den rince gaelach ó Scoil

Rince Adeline Dargan agus bhí taispeántas álainn den bhailé ó Scoil Aedeen O Hagan.

Lean an rince ar aghaidh le grúpa ó KYDS agus bhí meascán de rince cruthaitheach, snag agus damhsa nua aimseartha acu. Bhí níos mó rince bríomhar le slua mór ó Dance Republic le meascán hip hop agus an damhsa nua aimseartha. Coiméad súil amach don ghrúpa seo a bheidh ar an gclár 'Got to Dance' ar Sky1 go luath!

Bhí ardchaighdeán amhránaíochta i rith na hoíche curtha ar fáil ag Kathleen Nic Dhiarmada, Niall Mac Cearnaigh agus Pádraigín Caesar gan trácht ar an gceol binn ó na clárseoirí.

Ba bhuacphointe iontach d'Fhéile an Fhómair an ceolchoirm agus ba mhaithe le Glór Cheatharlach míle buíochas a ghabháil le gach éinne a chabhraigh agus a thug tacaíocht don imeacht go háirithe na rannpháirtithe uile, foireann na hamharclainne, na hударáis áitiúil agus gach éinne a cheannaigh ticéad agus a tháinig amach chun tacaíocht a thabhairt don oíche ar son na Somáile.



Cailíní ó Scoil Rince Adeleine Dargan ag damhsa ar son na Somáile

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach

Carlow Gateway Business Centre

Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047

emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie

Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Óiche Shamhna

IS iomaí imeacht a reachtálfar ar an 31ú Deireadh Fómhair chun Oíche Shamhna a cheiliúradh. B'fhéile an-tábhachtach sa Cheilteachas Oíche Shamhna mar ba ar an oíche áirithe seo a cuireadh tús leis an mBliain Cheilteach. Ba é an tréimhse ó Shamhain go Bealtaine an Geimhreadh agus an tréimhse ó Bhealtaine go Samhain an Samhradh. Cosúil le cultúir eile, chuir na Ceiltigh tús na bliana i gcomparáid le tús na cruinne agus cruthú an domhain.

Tá aiséirí déanta ar ghnásanna na Samhna le blianta beag anuas agus déantar an fhéile a cheiliúradh de réir nósanna agus custaim an cheantair. Gléasann daoine óga suas agus caitheann siad masc agus aghaidh fidil. Téann siad ó theach go teach ag baint spraoi as an gcluiche Bob nó Bia. Anseo is ansiúd cuirtear tornapaí nó puimcíní lasmuigh den teach agus coinneal lasta iontu chun geit a bhaint as daoine a bhíonn ag gabháil thart. Tugtar cnónna agus úlla agus báirín breac do na páistí. Imrítear cluichí ar nós snap-úll, tumadh san uisce agus púicín. Creidtear go mbíonn an púca lasmuigh sa dorchadas ar Oíche Shamhna agus an chailleach ag eitilt thar an spéir ar a scuab draíochta!

Lastar tinte cnámh agus déantar cuar-rince timpeall na tine. Cosúil le Bealtaine agus teacht an tsamhraidh, ba chuid de ghnás teacht an gheimhridh an tine chnámh. Ba shiombail í den ghrian a thug beocht agus torthúlacht don talamh, don ainmhí agus don duine i rith na bliana. De réir an tseandearcaidh thug an tine fuinneamh don ghrian chun an talamh a théamh, an bháisteach a laghdú, na barraí a chur chun cinn agus deireadh a chur le droch-chumhachtaí agus droch nósanna a d'fhéadfadh a bheith bailithe le chéile i rith na bliana.

Is í Féile na Samhna, féile na sinsear chomh maith. Mar sin tá Féile na Marbh buailte le Samhain. Sa tseanaimsir bhí sé de nós ag na daoine an teach a ghlanadh, tine bhreá a dhéanamh agus bia a fhágáil ar an mbord i rith na hoíche le heagla go dtiocfadh na gaolta ar ais ón saol thall chun cuairt a thabhairt ar an seanáitreach.

Sea go deimhin is iontach chomh beo bríomhar is atá gnásanna na Samhna fós i ré seo na teicneolaíochta cé gur beag meas agus tuiscint ar na sean nósanna a bhíonn ag na daoine i mbun na ngníomhaíochtaí san lá atá inniu ann. É sin ráite, is maith an rud é go bhfuil an oidhreacht á chaomhnú agus na nósanna á thabhairt ar aghaidh don chéad ghlúin eile. Beidh neart imeachtaí do gach aoisghrúpa ar siúl i ngach aon cheantar chun an oíche a cheiliúradh. Bí páirteach agus bain taitneamh as an spraoi ach seachain na pléascóga.

Bain SULT as an nGaeilge

CUIRFEAR céad míle fáilte roimh chách chuig SULT, oíche shóisialta trí Ghaeilge ar an Déardaoin, 27 Deireadh Fómhair. Tagann daoine le chéile ar an Déardaoin deireannach de gach mí ag 9.00i.n. i dTeach Dolmain chun taitneamh a bhaint as caint, comhrá agus comhlúadar trí Ghaeilge agus cuirtear fóirchoain fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí.

Is deis iontach í seo do dhaoine gur suim leo an Ghaeilge í a labhairt go sóisialta agus ag an am céanna aithne a chur ar chainteoirí Gaeilge eile. Bailíonn SULT le chéile ag an mbord Gaeilge díreach taobh istigh den doras tosaigh i dTeach Dolmain. Cuirtear fáilte roimh fhoghlaimoirí chomh maith leo siúd atá líofa sa teanga. Bí linn ar an Déardaoin seo agus ar an Déardaoin deireannach de gach mí i rith na bliana chun SULT a bhaint as an nGaeilge.